

Tacaíocht

Is gá a bheith nuálach chun cultúr a chothú ina gcuirtear chun cinn an mhaireachtáil neamhspleách, le tacaí á gcur ar fáil de réir mar is cuí. Ba chóir go mbeadh na cearta céanna ag daoine atá áitithe i gcóiríocht ar cíos, a bhfuil seirbhísí tacaíochta comhlúthachta ag gabháil leo, agus go mbeadh an dualgas céanna orthu is a bheadh ar dhaoine eile i gcóiríocht ar cíos agus dá réir sin ba chóir go mbeifí ag súil go gcuirfidís méid áirithe airgid ar fáil i dtreo chostais na cóiríochta ar an mbonn céanna is a dhéanann daoine atá ag fáil fordheontas cíosa.

Daoine Óga gan Dídean

Ba chóir comhtháthú iomlán a dhéanamh ar an gcur chuige atá ann chun dul i ngleic le gach cineál easpa dídine – bíodh sin ina easpa dídine i measc leanaí, daoine óga agus daoine fásta. Sa chomhthéacs seo, tá an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi láthair ag mairsiú an athbhreithnithe ar an Straitéis maidir le Daoine Óga gan Dídean.

Dul Chun cinn a Thomhas

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí an dul chun cinn a thomhas chun a fháil amach cibé acu an bhfuil polasaithe ag oibriú nó nach bhfuil. Is gá córais iomchuí a bheith ar bun chun méid na heaspa dídine a mheas agus chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh le caitheamh ama ar dhaoine atá siar is aniar idir tréimhsí gan dídean. Chuige seo, is gá leanúint leis an gcur i bhfeidhm céimneach ar PASS. Is gá cainníochtú muiníneach a dhéanamh ar mhéid na heaspa dídine in Éirinn chun gur féidir réitigh réadúla, phraiticiúla a bhrú ar aghaidh. Aithnítear go bhfuil sonraí maithe ríthábhachtach.

Díreofar ar an soláthar trí shocruithe le húdaráis tithíochta i gcás go bhfuil soláthar maoiniúcháin nasctha le spriocanna agus le torthaí sonracha. An sprioc lárnach ná a chinntiú go n-éireoidh leis an líon is mó daoine gan dídean tionóntachtaí inbhunaithe a fháil. Bainfear úsáid as sraith táscairí chun a léiriú conas mar a oibríonn an easpa dídine, de réir mar a théitear i ngleic leis. Trí úsáid a bhaint as na táscairí seo beidh pictiúr níos soiléire ann den easpa dídine in Éirinn: an ráta iontrála, cé chomh fada is a mhaireann tréimhse d'easpa dídine agus fágáil na heaspa dídine, chomh maith le cineál na cóiríochta.

Maoirseacht

Cheana féin tá roinnt mhaith socruithe institiúideacha ar bun chun monatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus níl sé beartaithe iadsan a athrú. Cibé scéal é, tá sé ríthábhachtach go gcinnteofaí go bhfuil polasaithe ag obair agus go bhfuil fianaise ann chun tacú leis seo. Bunófar grúpa ardleibhéil maoirseachta ar a mbeidh triúr ball chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige atá á mholadh sa Ráiteas Polasaí maidir le hEaspa Dídine, ag déanamh athbhreithnithe ar an dul chun cinn ag baint úsáide as táscairí, ag sainaitheint na gconstaicí agus ag moladh réiteach. Ceapfaidh an tAire Stáit do Thithíocht agus Pleanáil an grúpa seo, agus tuairisceoidh an grúpa go díreach don Aire sin.

Conclúid

Is fadhb leanúnach, dheacair an easpa dídine do roinnt mhaith daoine, agus don tsochaí ina hiomláine. Tá an rialtas láir agus áitiúil agus an earnáil dheonach tar éis a lán acmhainní agus dua a chaitheamh leis an gceist seo agus tá dul chun cinn maith déanta. É sin ráite, tá an fhadhb fanta linn. Is é cuspóir an ráitis polasaí seo ná acmhainní a athdhírú chun baile a sholáthar do dhaoine atá gan dídean ar chúiseanna éagsúla. Beidh sé ina threoir do na gealltanais uile, don fhuinneamh, don mhaoiniú agus don dea-thoil a chuirfidh na soláthraithe seirbhíse ar fáil agus spriocdhíreoidh sé an bealach ina soláthraítear fíorbhaile dóibhsean atá sáite i ngaiste na heaspa dídine, cúinsí a chiallaíonn nach féidir leo saol saor, lán dínite a chaitheamh.



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Ráiteas Polasaí maidir le hEaspa Dídine

Feabhra 2013



Cuspóir Polasaí/Comhthéacs Foriomlán

I gClár an Rialtais tugadh gealltanas deireadh a chur le heaspa dídine fhadtéarmach agus le codladh lasmuigh. Comhlíonfaidh an rialtas an gealltanas seo le cur chuige tithíocht-treoraithe. Sa chur chuige seo aithnítear gurb í an tithíocht dhaingean fhadtéarmach an réiteach is fearr do dhaoine gan dídean. Is féidir úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní atá gann trí imeacht ón gcleachtas atá ann cóiríocht chostasach nó fothain éigeandála a chur ar fáil.

An cuspóir foriomlán atá le Ráiteas Polasaí Tithíochta an Rialtais ná cuidiú le gach teaghlach rochtain a fháil ar thithíocht ardchaighdeáin mhaith atá oiriúnach dá gcúinsí agus lonnaithe ina rogha pobail. Dearbhaítear ann go bhfuil sé ina phríomhthosaíocht don Rialtas torthaí níos fearr a chur a bhaint amach do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste. Sa chomhthéacs seo, is gá díriú go leanúnach ar na bunchúiseanna le heaspa dídine agus cur chuige comhtháite, éifeachtach a bheith ann i ndáil le soláthar seirbhíse.

D’ainneoin go ndearna an stát infheistiú suntasach san earnáil dheonach, tá easpa dídine fós ina fheiniméan sóisialta atá fanta linn. Aithnítear ar fud an phobail go bhfuil easpa dídine ina mhasla do dhínit an duine, agus go bhfuil páirt thábhachtach ag an rialtas, ag údaráis áitiúla agus ag an earnáil dheonach i ndul i ngleic leis an tsaincheist seo.

Freagraíonn an Ráiteas Polasaí seo maidir le hEaspa Dídine do na gealltanais i gClár an Rialtais agus éascóidh sé torthaí níos fearr mar atá molta sa Ráiteas Polasaí Tithíochta. An cuspóir foriomlán ná deireadh a chur le heaspa dídine fhadtéarmach in Éirinn.

I bpolasaí an Rialtais maidir le heaspa dídine, dearbhaítear gurb é an réiteach is fearr, chun deireadh a chur le heaspa dídine, ná cóiríocht iomchuí a sholáthar go tapa. Tá tithíocht chobhsaí ina réiteach inbhuanaithe ar easpa dídine. Laghdaíonn sé freisin ar an ngá le seirbhísí fadtéarmacha eile agus d’fhéadfadh sé torthaí níos iomadúla, níos fearr a chur ar fáil don duine nó don teaghlach chomh maith le toradh níos fearr ar an airgead poiblí a infheistíodh.

Cé go bhfuil gá ag gach duine atá gan dídean le tithíocht imleor, inbhuanaithe ar chostas réasúnta, aithnítear freisin gur ceist chasta í an easpa dídine, agus go mb’fhéidir go bhfuil gá ag an duine le tacaí eile chun freastal ar a riachtanais ar leith.

Glactar leith go bhfuil an straitéis “The Way Home” ina straitéis iontaofa. Bhí forbairt an chuir chuige tithíocht-treoraithe intuigthe sa doiciméad ach ní raibh sé sainráite agus is é príomhchuspóir an ráitis polasaí seo ná an prionsabal polasaí sin a dhéanamh sainráite.

Mar chuid den athbhreithniú seo ar an bpolasaí maidir le heaspa dídine dá bhforáiltear i gClár an Rialtais, rinne an Roinn coimisiúnú ar thaighde a sheas go dlúth le prionsabail na straitéise “The Way Home”, agus cháin an luach ar airgead a bhí á bhaint amach mar thoradh ar na leibhéil arda maoiniúcháin do sheirbhísí do dhaoine gan dídean agus chinn sé gurb é an bealach is fearr deireadh a chur le heaspa dídine in Éirinn ná tithíocht iomchuí ar cíos a fháil chun tacaíocht de réir mar is gá agus ar an gcaoi seo tionachtaí inmharthana a sholáthar.¹ Tá an ráiteas polasaí bunaithe ar thaighde maille le comhairliúchán bainteach, a reáchtáladh i gcomhar le Ranna agus gníomhaireachtaí eile agus leis an earnáil dheonach.

Dá réir sin, is é croílár fhreagra an Rialtais ar an easpa dídine in Éirinn ná seo a leanas:

- Cosc a chur le heaspa dídine
- Deireadh a chur le codladh lasmuigh
- Deireadh a chur le háitriú fadtéarmach i gcóiríocht éigeandála
- Réitigh fhadtéarmacha tithíochta a sholáthar
- Seirbhísí éifeachtacha a chinntiú
- Socruithe comhordaithe maoiniúcháin níos fearr a bheith ann.

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas deireadh a chur le heaspa fhadtéarmach dídine faoi dheireadh 2016.

Cé gur léir go bhfuil gá úsáid a bhaint as roinnt den mhaoiniú chun soláthar imleor leapacha a dhéanamh dóibhsean a bhfuil gá acu le cóiríocht éigeandála, tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéanfaí na hacmhainní a spriocdhíriú ar réiteach níos buaine a bhaint amach agus é sin ar bhealach spriocdhírithe, straitéiseach.

Sa chur chuige níos straitéisí áirítear bearta atá idir lámha cheana féin:

- SLI, (Support to Live Independently) – cuireann seo tacaí ar fáil do dhaoine a n-éiríonn leo éalú ón easpa dídine agus déanann comhordú ar thionóntacht agus ar thacaí eile chun freastal ar riachtanais gach duine i gcomhthéacs a bpobal áitiúil. Tá ról lárnach aige i ndeireadh a chur le heaspa dídine.

^[1] Rinneadh coimisiúnú ar an gComhollamh Eoin O’Sullivan ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun tuarascáil a scríobh, Ending Homelessness – A Housing-Led Approach

- Tá tosaíocht leanúnach á thabhairt d’athmhúnlú na saoráidí éigeandála nó idirlinne atá ann faoi láthair chun roinnt mhaith tionóntachtaí fadtéarmacha a sholáthar do dhaoine gan dídean.
- Tá socruithe cineachta maoiniúcháin á gcur ar bun in áit na socruithe a bhí ann ar bhonn tionscadal aonair chun feabhas a chur ar an éifeachtacht fhoriomlán, luach níos fearr ar airgead a bhaint amach agus cinnteoireacht níos fearr a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil i ndáil le seirbhísí do dhaoine gan dídean.

An sprioc atá ann ó thaobh an pholasaí phoiblí ná a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann ar fud na tíre, go mbeidh cinntí faoi sheirbhísí bunaithe ar riachtanais agus go mbainfear amach an toradh is fearr do dhaoine gan dídean.

An príomhfhócas atá ann ó thaobh tacaí tithíochta arna soláthar ag an Rialtas ná freastal ar na riachtanais is práinní. Mar chuid den iarracht a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Rialtas a ghealltanais táthar ag cur leis an soláthar de stoc ar cíos agus ag cur leis an tithíocht shóisialta ar bhealaí nuálacha. Tá ról lárnach ag an earnáil neamhbhrabúis i réadú fhís an Rialtais do sholáthar tithíochta.

Tá dul chun cinn déanta, ach ní leor é agus aithnítear go bhfuil gá leanúint ar aghaidh agus tuilleadh a bhaint amach. Léiríonn torthaí a chuireann in iúl céimeanna intomhaiste amach as an easpa dídine nach bhfuil daoine ag éalú ón easpa dídine. Is gá dúinn ár n-iarrachtaí a athdhíriú ar sholáthar agus ar thorthaí níos fearr a bhaint amach, torthaí ar féidir iad a chainníochtú agus is gá cur le soláthar níos fearr seirbhíse ar fud na tíre.

Tithíocht-treoraithe

Is é atá i gceist le cur chuige tithíocht-treoraithe ná rochtain a fháil ar thithíocht bhuan mar phríomhréiteach ar gach cineál easpa dídine. Áiríonn sé cosc a chur le cailliúint tithíochta, agus cuimsíonn tacaíocht imleor a chur ar fáil do dhaoine ina mbaile féin de réir a riachtanas. Sampla amháin den chur chuige polasaí atá tithíocht-treoraithe ná Housing First.

Tá an cur chuige tithíocht-treoraithe éagsúil leis an gcur chuige “staighriúil” nó an “contanam cúraim” atá i réim san Eoraip sa pholasaí maidir le heaspa dídine. Sa tsamhail sin an sprioc dheiridh ná go mbeadh tithíocht chobhsaí ag duine gan dídean, ach ní go bhfuil an duine sin tar éis dul trí chéimeanna éagsúla i seirbhísí cónaitheacha sula mbeidís “ullamh” don athchóiríocht.

I gcomhthéacs na hÉireann, an chiall atá le tithíocht-treoraithe ná go gcuirfí tithíocht dhaingean ar fáil go tapa, agus go gcuirfí tacaíocht ar fáil de réir mar is gá chun tionóntachtaí inbhuanaithe a chinntiú.

Soláthar

Chun go mbeidh rath ar an gcur chuige tithíocht-treoraithe in Éirinn beidh sé ríthábhachtach tithíocht dhaingean, imleor ar phraghas réasúnta a bheith ar fáil maille le saoráidí iomchuí agus tacaí do dhaoine gan dídean.

Aithnítear go raibh deacrachtaí leanúnacha ann i ndáil leis seo agus rachaidh bearta faoin gcreat polasaí seo i ngleic leosan. Chun deireadh a chur leis an easpa dídine fhadtéarmach bheadh gá cóiríocht dhaingean, ar phraghas réasúnta a bheith ar fáil.

Tá gá an nuálaíocht a threisiú chun go n-aistreofaí daoine gan dídean níos tapúla as an gcóiríocht mhíchuí, chostasach éigeandála chuig tithíocht níos iomchuí, níos inbhuanaithe agus is gá a fháil amach cad iad na constaicí agus na réitigh atá i gceist le go mbeidh fáil ar thithíocht iomchuí, imleor.

Níl aon réiteach amháin ann a bheadh oiriúnach i ngach cás. Bíonn riachtanais agus roghanna éagsúla ag teaghlaigh éagsúla, bíodh sin ina aonad indibhidiúil nó ina chóiríocht roinnte. I ngach cás, ba chóir go mbeadh tionacht dhaingean ag daoine agus go mbraithfidís go bhfuil an áit ina bhfuil siad ag gcónaí ina bhaile, a bhfuil siad freagrach as agus a samhlaíonn siad gaol a bheith acu leis.

Cosc

Tá gá le gníomhartha éifeachtacha chun cosc a chur le tarlú nó le hatarlú na heaspa dídine, a mhéid is féidir é. Chun seo a bhaint amach beidh gá le raon beart, mar shampla teaghlaigh i mbaol a shainaithint, oibriú le daoine atá ag cailliúint a dtionóntachtaí agus a chinntiú go bhfuil comhairle, abhcóideacht agus bearta cothabhála ar bun i gcomhthéacs foriomlán an pholasaí tithíochta sóisialta mar atá leagtha amach i Ráiteas Polasaí Tithíochta an Rialtais. social housing policy as set out in the Government’s Housing Policy Statement.